Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000016/2017
chuig an gComhairle
Rule 128
Roberta Metsola, Pál Csáky
, thar ceann an Ghrúpa PPE
Birgit Sippel, Soraya Post, Tanja Fajon, Sylvie Guillaume, Claude Moraes, Monika Flašíková Beňová, Ana Gomes, Cécile Kashetu Kyenge, Dietmar Köster, Marju Lauristin, Juan Fernando López Aguilar, Péter Niedermüller, Christine Revault D'Allonnes Bonnefoy, Elly Schlein
, thar ceann an Ghrúpa S&D
Cecilia Wikström, Nathalie Griesbeck
, thar ceann an Ghrúpa ALDE
Benedek Jávor, Bodil Valero, Ulrike Lunacek, Barbara Lochbihler, Terry Reintke, Davor Škrlec, Bronis Ropė, Igor Šoltes, Eva Joly, Karima Delli, Ernest Urtasun, Rebecca Harms
, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
Cornelia Ernst, Malin Björk, Barbara Spinelli, Martina Anderson, Marina Albiol Guzmán, Merja Kyllönen, Dimitrios Papadimoulis, Eleonora Forenza
, thar ceann an Ghrúpa GUE/NGL

Ábhar: Lá Idirnáisiúnta na Romach

Ina rún an 15 Aibreán 2015 maidir le Lá Idirnáisiúnta na Romach – frithghiofógachas san Eoraip agus aitheantas AE don Lá Cuimhneacháin ar Chinedhíothú na Romach i rith an Dara Cogadh Domhanda, ghlac an Pharlaimint seasamh láidir i gcoinne an fhrithghiofógachais ag cur in iúl gur cúis mhór imní di borradh an fhrithghiofógachais san Eoraip agus chuir sí béim ar an ngá atá ann comhrac a dhéanamh i gcoinne an fhrithghiofógachais ar gach leibhéal agus i ngach slí. Dúirt an Pharlaimint gur chéim shiombalach thábhachtach sa chomhrac i gcoinne an fhrithghiofógachais a bheadh in aitheantas a thabhairt d'Uileloscadh na Romach i rith an Dara Cogadh Domhanda agus i lá cuimhneacháin Eorpach ar leith a bheith ann, agus go gcuirfeadh an méid sin leis an eolas ginearálta ar stair na Romach san Eoraip. D'iarr an Pharlaimint freisin ar na Ballstáit déanamh amhlaidh.

1. Cén chaoi a bhfuil an Chomhairle á chinntiú go bhfuil an comhrac i gcoinne an fhrithghiofógachais á phríomhshruthú i mbeartais uile AE a mhéid a bhaineann le himeascadh na Romach? Cén chaoi a bhfuil faireachán agus measúnú á dhéanamh ag an gComhairle ar cibé an bhfuil beartais AE agus beartais náisiúnta ag comhlíonadh luachanna bunúsacha AE lena mbítear ag saindíriú ar chearta na mionlach agus ar neamh-idirdhealú?

2. An féidir leis an gComhairle tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus moltaí breise a thabhairt chun na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat AE le haghaidh Straitéisí Náisiúnta um Imeascadh na Romach faoi 2020 (COM(2011)0173) a bhaint amach? Ón uair a glacadh rún an Parlaiminte, cad atá déanta chun feabhas a chur ar imeascadh na Romach agus chun an frithghiofógachas, lena n-áirítear an frithghiofógachas institiúidithe, a chomhrac go héifeachtach?

3. Cad eile atá déanta ag an gComhairle chun bunú Lá Cuimhneacháin Eorpach ar Uileloscadh na Romach a chur chun cinn agus a chomhaontú?

Curtha síos: 8.3.2017
Curtha ar aghaidh: 9.3.2017
Spriocam le haghaidh freagra: 30.3.2017